

II

(Faisnéis)

DEARBHUITHE COMHPHÁIRTEACHA

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

AN COIMISIÚN EORPACH

**Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón
gCoimisiún Eorpach**

Tosaíochtaí Reachtacha an Aontais do 2023 agus 2024

(2022/C 491/01)

Tá dúshlán á thabhairt do thiomantas agus d'acmhainneacht ár nAontais chun gníomhú mar gheall ar fhogha brúidiúil, gan chúis, na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar fogha é ina bhfuil foréigean uafásach á imirt agus fianaise ag dul i méid de choireanna cogaidh. Ciallaíonn éifeachtaí iarmharta ionsaí na Rúise ar an mbealach maireachtála, bealach maireachtála a mheasamar go mbeadh sé againn go deo, nach mbraitheann ár saoránaigh chomh cobhsaí céanna sa lá atá inniu ann is a bhraitheadh, nach mbraitheann siad chomh slán céanna agus nach bhfuil siad chomh muiníneach céanna as an todhchaí. In ainneoin iarrachtaí na Rúise an tAontas a lagú agus a dheighilt, leanaimid de bheith aontaithe, díongbháilte agus tiomanta go mór do thacaíocht a thabhairt don Úcráin agus dá muintir. Áireofar inár n-iarrachtaí cabhair mhíleata agus dhaonnúil, tacaíocht pholaitiúil agus airgeadais, chomh maith le rochtain leanúnach ag muintir na hÚcráine ar phoist an Aontais, ar thithíocht, ar oideachas, ar oiliúint agus ar chúram sláinte faoin sásra cosanta sealadach. Déanfaimid rochtain na hÚcráine ar an margadh aonair agus ar an limistéar fánaíochta saoire a éascú freisin, agus tacóimid le hathshlánú agus le hatógáil na hÚcráine. Chun brú eacnamaíoch a choinneáil agus chun an bonn a bhaint de chumais mhíleata na Rúise, cinnteoidimid freisin go gcuirfear smachtbhannaí i gcoinne na Rúise chun feidhme go héifeachtach agus go leanúnach. Tacóimid leis an Úcráin agus leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta maidir le coireanna cogaidh a d'fhéadfadh a bheith déanta a dhoiciméadú agus a ionchúiseamh, agus déanfaimid iniúchadh ar roghanna ionas gur féidir cuntasacht iomlán a áirithiú. Tá iarmhairtí an ionsaithe sin le brath freisin inár ngarchomharsanacht, le líon mór daoine á n-easáitiú inti, agus ar fud an domhain, agus tá méadú as cuimse tagtha ar neamhshláindáil an tsoláthair bia.

Anois agus sinn díreach tar éis tosú ar théarnamh ón bpaindéim agus sinn ag gabháil trí chlaochlú radacach chun dul i ngleic le dúshlání thromchúiseacha eile ar nós na ngéarchéimeanna aeráide agus dúlra, caithfidh ár saoránaigh aghaidh a thabhairt ar phraghsanna leictreachais agus ar bhoilsciú atá ag dul i méid. Táimid tiomanta do réitigh choiteanna de chuid an Aontais chun dul i ngleic leis an ngéarchéim seo maidir le costas maireachtála dár saoránaigh agus dár ngnólachtaí, géarchéim atá níos measa fós toisc an cogadh san Úcráin. Ag eascairt as Plean REPowerEU, laghdaigh an tAontas a spleáchas ar allmhairí fuinnimh na Rúise go pras trí bhorradh a chur faoi fhoinsí malartacha fuinnimh, faoi choigilteas agus faoi stóráil. Trínár gcomhchumhacht mhargaidh a úsáid, cuirfear réitigh struchtúracha ar fáil dúinn trí dhlús a chur leis an dá aistriú in earnáil an fhuinnimh agus trí dheardh an mhargaidh leictreachais a athchóiriú.

Sa chomhthéacs sin, tabharfar tosaíocht láidir d'inhuanaitheacht an chreata airgeadais ilbhliantúil a áirithiú agus sinn i staid gheopholaitiúil agus eacnamaíoch nua. Oibreoidimid freisin chun acmhainní dílse nua leordhóthanacha a thabhairt isteach.

Is díol sásaimh dúinn torthaí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa ⁽¹⁾, ar turgnamh spreagúil rathúil í ó thaobh an daonlathais dhioscúrsaigh de. Chun freastal ar ionchais na saoránach, leanfaidh na hinstiúidí d'obair ghasta agus éifeachtach a áirithiú maidir leis na moltaí a rinne an Chomhdháil, gach ceann díobh laistigh dá réimse inniúlachta féin. A lán de na tograí a d'eascair as an gComhdháil tá siad ar chlár oibre an Choimisiúin do 2023 agus geallaimid i gcomhpháirt lena chéile go dtabharfaimid aird ar leith orthu.

Leis an Dearbhú Comhpháirteach seo, tugaimid chun suntais na príomhthograí reachtacha ⁽²⁾ a ndéanfaidh ár dtrí instiúid a ndícheall ina leith. Beidh sé níos tábhachtaí fós na tosaíochtaí sin a bhaint amach i bhfianaise thoghcháin Eorpacha 2024, nuair a dhéanfaidh saoránaigh measúnú ar an gcaoi ar thug an tAontas aghaidh ar na dúshláin atá ann faoi láthair. Baineann sin leis na tograí reachtacha atá i lámha na gcomhreachtóirí cheana féin agus leo siúd a chuirfidh an Coimisiún Eorpach ar aghaidh roimh dheireadh 2023. Comhaontaíonn na trí instiúid an tosaíocht is mó is féidir a thabhairt do na cuspóirí beartais seo a leanas in 2023 agus go dtí deireadh an téarma pharlaimintigh in 2024:

1. Chun sprioc an **Chomhaontaithe Glas don Eoraip** aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, in ainneoin imthosca neamhfhabhracha geopholaitiúla, oibreoimid chun dlús a chur leis an aistriú glas agus cóir mar chuid lárnach den réiteach ar shlándáil fuinnimh agus ar phraghsanna arda fuinnimh, agus ar ábhair inní maidir le slándáil bia. Gníomhóimid chun an obair ar an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' a thabhairt i gcrích go pras chun ár spriocanna laghdúcháin do 2030 a bhaint amach, mar aon le huailmhian fheabhsaithe chun cuspóirí REPowerEU a bhaint amach maidir le deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise agus borradh a chur faoin bhfuinneamh inathnuaite san Eoraip. Tabharfaimid tús áite don athchóiriú ar mhargadh leictreachais an Aontais, cuirfimid tús le margadh hidrigine an Aontais agus leathadh amach níos tapúla na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh. Tabharfaimid aird ar an mbithéagsúlacht a athbhunú agus a chosaint; sláinte ithreach; srian a chur le truailliú uisce, aeir agus micreaphlaisteach, agus dul i ngleic leis an gcoireacht chomhshaoil. Agus é d'aidhm agann geilleagar ciorclach a thógáil, déanfaimid ár ndícheall an ceart chun deisiúcháin, dearadh táirgí inbhuanaithe, dul i ngleic le dramhaíl ó phacáistíocht, agus a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis cheart ag tomhaltóirí faoi mhaímh ghlasa a bhaint amach. Gníomhóimid maidir le bearta breise aeráide, go háirithe maidir le hastaíochtaí iompair agus truailliú, iompar lastais a ghlású agus maidir le deimhniú ar aistriú carbóin. Tabharfaimid tús áite do dhramhaíl agus dá tionchar ar an gcomhshaol a laghdú.
2. Chun an **t-aistriú digiteach a bhaint amach agus chun athléimneacht an Aontais a fheabhsú**, díreimid ar úsáid acmhainní agus ar an tionchar ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a laghdú, ar fheabhas a chur ar cheannaireacht na hEorpa i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha, ar ár slándáil soláthair, ar n-iomaíochas agus ar n-athléimneacht, ar thacú leis na scileanna digiteacha ábhartha, agus ar chur chuige duineáilríochas a shaothrú. Díreimid ar thograí atá le teacht maidir leis an intleacht shaorga, rochtain agus úsáid sonraí, cibear-athléimneacht agus cibearshláindáil, agus treisiú ár dtionscail cosanta. Chun soláthar leordhóthanach agus éagsúlaithe a áirithiú don dá aistriú, tabharfaimid tús áite do bhearta maidir le hamhábhair chriticiúla agus tearc-chré, chomh maith le leathsheoltóirí. Chun teicneolaíochtaí nuálacha a spreagadh, gníomhóimid maidir leis an gceart rialála don hipearlúb, maidir leis an gclár beartais nua i ndáil leis an speictream raidió agus maidir le cumarsáid shlán spásbhuanaithe. Déanfaimid beart ar an spás coiteann Eorpach do shonraí soghluaisteachta. Neartóimid an margadh aonair, ceann dár sócmhainní móra, lena n-áirítear trí oibriú ar an Ionstraim Éigeandála don Mhargadh Aonair agus feabhas a chur ar dhálaí san obair ardáin. Oibreoimid freisin i dtreo rialacha nua éifeachtúla paitinne agus tacóimid le FBManna le linn ré dheacair, lena n-áirítear trí rialacha athbhreithnithe maidir le hiocaíochtaí déanacha.
3. Maidir leis an **geilleagar a fhóireann do dhaoine**, cuirfimid leis na hiarrachtaí chun borradh a chur faoin iomaíochas, chun fás a dhaingniú agus chun deiseanna fostaíochta a chruthú do shaoránaigh na hEorpa. Díreimid go háirithe ar dhaoine óga agus ar fhorbairt na scileanna ábhartha. Cuirfimid deireadh leis na bacainní agus leis an ualach a choinníonn siar ár gcuideachtaí beaga. Déanfaimid beart chun pacáiste faoisimh FBM a chur ar aghaidh agus chun tacú le gnólachtaí agus faoiseamh a thabhairt dóibh, lena n-áirítear trí rochtain níos éasca ar chaipiteal agus ar shonraí, réitigh íocaíochta thapa agus nuálacha, agus rialacha cuíchóirithe maidir le dócmhainneacht. Leanfaimid de thús áite a thabhairt do chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus Dhearbhú Chruinniú Mullaigh Porto, agus déanfaimid bearta breise chun a áirithiú go gcuirfear an ghné shóisialta san áireamh inár ngníomhaíochtaí uile, lena n-áirítear an ceart chun dícheangail agus deireadh a chur leis an mbearna phá idir na hinscní. Oibreoimid ar theacht ar chomhaontú tapa maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta chun tacú le soghluaisteach an lucht saothair, agus maidir le hárachas taiscí, rialachas corparáideach inbhuanaithe, sciúradh airgid a chomhrac, agus maidir le toirmeasc ar tháirgí a dhéantar le saothar éigeantais. Tabharfaimid aird chuí ar an athbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch an Aontais chun a chinntiú go bhfeidhmíonn sé chun tacú le geilleagair an Aontais agus na mBallstát agus oibreoimid chun na margaí caipitil agus ról an euro a neartú, lena n-áirítear an euro digiteach, agus chun an t-aontas baincéireachta a thabhairt chun críche. Déanfaimid iarracht dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an athchóiriú cánach domhanda. Chun tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe ar fud an domhain, oibreoimid chun teacht ar chomhaontú go pras maidir leis an scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife, agus maidir le cód custaim athchóirithe.

⁽¹⁾ An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa — Tuarascáil ar an toradh críochnaitheach, ar fáil ag <https://futureu.europa.eu/en/pages/reporting>

⁽²⁾ Faoin nGnáthnós Imeachta Reachtach

4. Ar mhaithe le hEoraip níos láidre ar fud an domhain, ní mór dúinn ár dtacaíocht bhuanseasmhach don Úcráin a léiriú agus seasamh go daingean lenár gcroíphrionsabail maidir leis an iltaobhachas agus an t-ord riailbhunaithe, chomh maith lenár dtiomantas don fhorbairt agus don chabhair dhaonnúil. I gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach, oibreoimid a thuilleadh chun dlús a chur lenár gcumais chomhroinnte cosanta agus slándála agus lenár n-athléimneacht, lena n-áirítear i gcoinne cúbláil faisnéise eachtraí agus cur isteach. Gníomhóimid chun creatbhosca uirlisí a chur ar bun chun an t-éilliú a chomhrac. Leanfaimid dár gcomhar le tíortha is iarrthóirí sna Balcáin Thiar, in éineacht leis an Úcráin, le Poblacht na Moldóive agus leis an tSeoirsia, i bhfianaise a n-aontachais leis an Aontas amach anseo. Chun athléimneacht an Aontais a neartú agus chun ár slabhraí soláthair a éagsúlú, déanfaimid iarracht comhaontuithe trádála a dhaingniú go hiomlán agus neartóimid ár rannpháirtíocht le comhpháirtithe agus comhghuaillithe atá ar aon dearcadh linn.
5. Chun ár ndóigh bheatha Eorpach a chur chun cinn, tabharfaimid fíorthosaíocht d'athchóiriú an chreata reachtaigh maidir le himirce agus tearmann a thabhairt chun críche roimh dheireadh an téarma reachtaigh, bunaithe ar an treo-chlár comhpháirteach maidir leis an gcomhshocrú maidir le himirce agus tearmann. Beidh sé d'aidhm againn freisin dul chun cinn tapa a dhéanamh leis an bpacáiste um imirce dhleathach, agus le Cód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe. Mar chuid de Bliain Eorpach na Scileanna atá beartaithe, tá sé d'aidhm againn oibriú mar thosaíocht ar an togra atá le teacht maidir le cáilíochtaí tríú tír a aithint chomh maith le tacú le soghluaisteacht foghlama laistigh den Aontas. Gníomhóimid chun an obair a thabhairt i gcrích maidir le nósanna imeachta víosaí agus doiciméid taistil a dhigiteáil, malartú faisnéise idir údarais náisiúnta forfheidhmithe dlí, bearta frithgháinneála, an oibleagáid maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí a chur in iúl, fáiltais ón gcoireacht a reo agus a choigistiú, chomh maith le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac. Chun leanúint d'Aontas Sláinte na hEorpa a thógáil, tabharfaimid tús áite don Spás Eorpach Sonraí Sláinte a ghlacadh agus a chur chun feidhme go pras. Tabharfaimid aird ar leith freisin ar aghaidh a thabhairt ar shaincheist na meabhairshláinte agus an ailse chosc.
6. Chun **ár ndaonlathas agus ár luachanna a chosaint** ar bhagairtí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, bainfimid úsáid as na huirlisí uile atá ar fáil dúinn chun an smacht reachta, comhionannas agus frith-idirdhealú a neartú agus a chosaint, chomh maith le saoirse agus iolrachas na meán laistigh den Aontas. Oibreoimid go pras chun an obair maidir le trédhearcacht agus spriodhíriú na fógraíochta polaitiúla, reacht agus maoiniú páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus cearta toghcháin na nEorpach soghluaiste a thabhairt i gcrích in am do na chéad toghcháin eile do Pharlaimint na hEorpa. Tabharfaimid aird ar leith ar thionscnaimh bhreise chun athléimneacht dhaonlathach a neartú ón taobh istigh, agus ár gcóras daonlathach a chosaint ar leasanna seachtracha, ar bhréagaisnéis agus ar chur isteach eachtrach, mar aon lenár gcreat reachtach in aghaidh éilliú a neartú. Tabharfaimid tús áite do thrédhearcacht pá agus do chomhrac an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh. Gníomhóimid chun cearta daoine faoi mhíchumas a chosaint agus chun dlúthpháirtíocht idirghlúine a chur chun cinn.

Ina theannta sin, de bhreis ar an obair a thagann faoin ngnáthnós imeachta reachtach, dearbhaímid ár dtiomantas:

- leanúint de bheith ag seasamh leis an Úcráin agus dul i ngleic le tionchar fhogha na Rúise faoinár saoránaigh agus faoinár ngnólachtaí;
- leanúint de chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta;
- agus cothrom 30 bliain an mhargaidh aonair á chomóradh againn in 2023, oibriú le chéile chun é a dhoimhniú trí bhacainní a bhaint agus bearnaí a líonadh, go háirithe in earnáil na seirbhísí, chun úsáid a bhaint a cumhacht iomlán;
- i gcomhthéacs Bhliain Eorpach na Scileanna, an Eoraip a chur chun cinn mar áit tharraingteach d'oibríthe oilte agus soghluaisteacht lucht saothair agus oiliúnaithe oilte laistigh den Aontas a éascú;
- dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don fhorbairt inbhuanaithe;
- uailmhian níos airde agus gníomhaíocht mhéadaithe a éileamh ar an leibhéal domhanda chun dul i ngleic leis na géarchéimeanna idirnasctha aeráide agus bithéagsúlachta;
- ár bhfor-rochtain taidhleoireachta le comhpháirtithe domhanda a neartú, lena n-áirítear tríd an straitéis Global Gateway, agus ardchaighdeán chomhshaoil, sláinte, shóisialta agus chearta an duine á gcur chun cinn ag an am céanna;
- peirspictíocht Eorpach inchreidte a chur ar fáil don Úcráin, do Phoblacht na Moldóive agus don tSeoirsia, in éineacht leis na Balcáin Thiar, agus ár dtacaíocht a choinneáil do Chomhpháirtíocht an Oirthir agus do Chomharsanacht an Deiscirt;
- tús áite a thabhairt do chomhaontuithe trádála le comhpháirtithe atá ar aon dearcadh linn, an caidreamh le Meiriceá Laidineach agus le Muir Chairib a athbheochan agus comhpháirtíocht athnuaithe leis an Afraic a chomhdhlúthú;
- aghaidh a thabhairt ar na bagairtí a thagann ó choireacht eagraithe thrasnáisiúnta agus ó eagraíochtaí sceimhlitheoireachta trí Straitéis an Aontais Slándála 2020-2025 a shaothrú a thuilleadh.

Mar Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiún Eorpaigh, geallaimid go n-oibreoidh ár n-institiúidí ar na tosaíochtaí comhroinnte sin in 2023 agus 2024, faoi threoir phrionsabail bhunúsacha na hiontaoibhe frithpháirtí, na hurraime, agus le spiorad comhoibríoch. Is é neart na hEorpa don todhchaí an cumas atá inti í féin a chur in oiriúint don saol, faoi luas, go misniúil agus d'aon ghuth.

Oibreimid le chéile freisin chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú cuí na reachtaíochta atá ann cheana a áirithiú agus déanfaimid dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme tráthúil agus éifeachtach an Dearbhaithe Chomhpháirtigh seo.

Съставено в Брюксел на петнадесети декември две хиляди двадесет и втора година.

Hecho en Bruselas, el quince de diciembre de dos mil veintidós.

V Bruselu dne patnáctého prosince dva tisíce dvacet dva.

Udfærdiget i Bruxelles den femtende december to tusind og toogtyve.

Geschehen zu Brüssel am fünfzehnten Dezember zweitausendzweiundzwanzig.

Kahe tuhande kahekümne teise aasta detsembrikuu viieteistkümnendal päeval Brüsselis.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις δέκα πέντε Δεκεμβρίου δύο χιλιάδες είκοσι δύο.

Done at Brussels on the fifteenth day of December in the year two thousand and twenty two.

Fait à Bruxelles, le quinze décembre deux mille vingt-deux.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an cúigiú lá déag de mhí na Nollag sa bhliain dhá mhíle fiche a dó.

Sastavljeno u Bruxellesu petnaestog prosinca godine dvije tisuće dvadeset druge.

Fatto a Bruxelles, addì quindici dicembre duemilaventidue.

Briselē, divi tūkstoši divdesmit otrā gada piecpadsmītajā decembrī.

Priimta du tūkstančiai dvidešimt antrų metų gruodžio penkioliką dieną Briuselyje.

Kelt Brüsszelben, a kétezer-huszonkettedik év december havának tizenötödik napján.

Magħmul fi Brussell, fil-ħmistax-il jum ta' Diċembru fis-sena elfejn u tnejn u għoxrin.

Gedaan te Brussel, vijftien december tweeduizend tweeëntwintig.

Sporządzono w Brukseli dnia piętnastego grudnia roku dwa tysiące dwudziestego drugiego.

Feito em Bruxelas, em quinze de dezembro de dois mil e vinte e dois.

Întocmit la Bruxelles la cincisprezece decembrie două mii douăzeci și doi.

V Bruseli pätnásteho decembra dvetisícdvadsaťdva.

V Bruslju, petnajstega decembra dva tisoč dvaindvajset.

Tehty Brysselissä viidentenätoista päivänä joulukuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäkaksi.

Som skedde i Bryssel den femtonde december år tjugohundratjugotvå.

За Европейския парламент
 Por el Parlamento Europeo
 Za Evropský parlament
 For Europa-Parlamentet
 Für das Europäische Parlament
 Euroopa Parlamendi nimel
 Για το Ευρωπαϊκό Κοινοβούλιο
 For the European Parliament
 Par le Parlement européen
 Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
 Za Evropski parlament
 Per il Parlamento europeo
 Eiropas Parlamenta vārdā –
 Europos Parlamento vardu
 az Európai Parlament részéről
 Ghall-Parlament Ewropew
 Voor het Europees Parlement
 W imieniu Parlamentu Europejskiego
 Pelo Parlamento Europeu
 Pentru Parlamentul European
 Za Európsky parlament
 Za Evropski parlament
 Euroopan parlamentin puolesta
 För Europaparlamentet

Председател
 La Presidenta
 Předsedkyně
 Formand
 Die Präsidentin
 President
 Η Πρόεδρος
 The President
 La présidente
 An tUachtarán
 Předsednice
 La Presidente
 Priekšsēdētāja
 Pirmininkė
 Az elnök
 Il-President
 De Voorzitter
 Przewodnicząca
 A Presidente
 Președinta
 Predsednička
 Predsednica
 Puhemies
 Ordförande

Roberta METSOLA

За Съвета на Европейския съюз
 Por el Consejo de la Unión Europea
 Za Radu Evropské unie
 For Rådet for Den Europæiske Union
 Für den Rat der Europäischen Union
 Euroopa Liidu Nõukogu nimel
 Για το Συμβούλιο της Ευρωπαϊκής Ένωσης
 For the Council of the European Union
 Pour le Conseil de l'Union européenne
 Thar ceann na Comhairle
 Za Vijeće Europske unije
 Per il Consiglio dell'Unione europea
 Eiropas Savienības Padomes vārdā
 Europos Sąjungos Tarybos vardu
 Az Európai Unió Tanácsa részéről
 Ghall-Kunsill ta' l-Unjoni Ewropea
 Voor de Raad van de Europese Unie
 W imieniu Rady Unii Europejskiej
 Pelo Conselho da União Europeia
 Pentru Consiliul Uniunii Europene
 Za Radu Európskej únie
 Za Svet Evropske unije
 Euroopan unionin neuvoston puolesta
 För Europeiska unionens råd

Председател
 El Presidente
 Předseda
 Formand
 Der Präsident
 Eesistuja
 Ο Πρόεδρος
 The President
 Le Président
 An tUachtarán
 Předsedník
 Il Presidente
 Priekšsēdētājs
 Pirmininkas
 Az elnök
 Il-President
 De Voorzitter
 Przewodniczący
 O Presidente
 Președintele
 Predseda
 Predsednik
 Puheenjohtaja
 Ordförande

Petr FIALA

За Европейската комисия
 Por la Comisión Europea
 Za Evropskou komisi
 For Europa-Kommissionen
 Für die Europäische Kommission
 Euroopa Komisjoni nimel
 Για την Ευρωπαϊκή Επιτροπή
 For the European Commission
 Par la Commission européenne
 Thar ceann an Choimisiúin
 Za Evropsku komisiju
 Per la Commissione europea
 Eiropas Komisijas vārdā –
 Europos Komisijos vardu
 az Európai Bizottság részéről
 Ghall-Kummissjoni Ewropea
 Voor de Europese Commissie
 W imieniu Komisji Europejskiej
 Pela Comissão Europeia
 Pentru Comisia Europeană
 Za Európsku komisiju
 Za Evropsko komisijo
 Euroopan komission puolesta
 För Europeiska kommissionen

Председател
 La Presidenta
 Předsedkyně
 Formand
 Die Präsidentin
 President
 Η Πρόεδρος
 The President
 La présidente
 An tUachtarán
 Předsednice
 La Presidente
 Priekšsēdētāja
 Pirmininkė
 Az elnök
 Il-President
 De Voorzitter
 Przewodnicząca
 A Presidente
 Președinta
 Predsednička
 Predsednica
 Puheenjohtaja
 Ordförande

Ursula von der LEYEN